

Príomhscéalta na Nuachta

Ceist 1

(a) Féach ar an mhír uair amháin gan aon rud a scríobh. Déan plé leis an duine in aice leat ansin ar an mhéid a thuig sibh.

(b) Léigí an script le chéile anois. An dtuigeann sibh gach rud?

Eimear Ní Chonaola

Bail ó Dhia oraibh agus bhur gcéad fáilte chuig Nuacht TG4 agus go Nuacht is Spórt an lae. Na príomhscéalta Dé Luain:

1. An Taoiseach i bPáras

Uachtarán na Fraince ag tacú leis an Taoiseach agus deir gur cás ar leith atá i bhfiacha bhancanaí (bhainc) na hÉireann.

2. Údarás na Gaeltachta

Comhalta de chuid Fhianna Fáil ceaptha ag Comhairle Contae Dhún na nGall ar bhord nua Údarás na Gaeltachta.

3. An Fia Rua i mbaol

Agus beartais éigeandála fógartha le dul i ngleic le seilg mhídhleathach ar an bhfia rua i gCiarraí.

Cás faoi leith atá sa tír seo agus i bhfiacha bhancanaí (bhainc) na hÉireann a dúirt Uachtarán na Fraince, François Hollande leis an Taoiseach i bPáras tráthnóna. Dúirt sé go n-aithníonn an Ghearmáin é seo agus go nglacfar sin san áireamh nuair a bheas airí airgeadais limistéar an Euro i mbun cainteanna ar ról an ESM (European Stability Mechanism / Sásra Cobhsaíochta Eorpach) le cabhair a thabhairt do na bancanaí. Ba é seo an chéad chruinniú ag Enda Kenny agus François Hollande ó toghadh ina uachtarán é.

(c) Féachaigí ar an mhír uair amháin eile gan an script a léamh.

Ceist 2

(a) Féach ar na focail / frásaí seo a bhí sna míreanna faoi na ceannlínte thuas. Cuir na focail a théann le gach mír faoi na teidil chearta:

Ainmniúchán (nomination)
Aire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta
An pór is dúchasáí (most native breed)
An Ré Neoiliteach
Beartais éigeandála
Carria (Stag)
Claonroinnt (Gerrymandering)
Comhairleoir Neamhspleách
Comhráiteas (joint communiqué)
Daonlathas
Dlíodóirí

An Taoiseach i bPáras

Údarás na Gaeltachta

An fia rua i mbaol

Fiacha baincéireachta na tíre
Limistéar an Euro
Póitseáil (poaching)
Roinn na Gaeltachta
Sa tóir ar adharca agus fheoil an ainmhí (looking for horns and meat)
Sealbhóirí bannaí (bondholders)
Slad (killing)
Thacaigh (support)
Uachtaránacht na Comhairle Eorpaí
Urlabhraí airgeadais (finance spokesperson)

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

(b) Cumair an scéal a cheapann sibh a théann leis an tríú ceannlíne – an fia rua i mbaol. Bainigí úsáid as bhur samhlaíocht.

Ceist 3 An modh ordaitheach

(a) Abair leis an duine in aice leat rudaí a dhéanamh duit ag úsáid na mbriathra seo a leanas, mar shampla: tóg mo pheann amach as mo mhála!

cuir / téigh / siúil / tóg / abair / bailigh / tabhair / scríobh

(b) Cén t-athrú a thagann ar na briathra, más mian leat na horduithe a thabhairt do níos mó ná duine amháin? Féach an sampla seo:

Bígí ciúin

Ceist 4 ‘...Uachtarán na Fraince...’

Meitseáil an teideal ceart leis an tír chuí. Bí an-chúramach áfach mar caithfidh tú an tír a chur sa tuiséal ginideach! Cloígh leis an phatrún thuas!

Uachtarán	(An Bhreatain)	_____
Taoiseach	(An Spáinn)	_____
Príomh-Aire	(An Gearmáin)	_____
Céad-Aire	(Éire)	_____
Seansailéir	(Albain)	_____

Ceist 5 Pléigh na ceistanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

- An bhfuil sé tábhachtach dar leat, go bhfuil Gaeilge ag ár dTaoiseach?
- An gceapann tú go bhfuil Gaeilge mhaith ag an Taoiseach?
- Ar cheart go mbeadh cosc iomlán ar spóirt fola?

Freagraí

Ceist 1

- (a) Tabhair deis do na foghlaimeoirí an oiread agus is féidir a thuiscint sula bpléitear aon fhoclóir leo.
- (b) Iarr ar gach beirt an script a léamh le chéile agus cuidigh leo más gá.
- (c) Cuir an mhír ar siúl arís dóibh ach gan an script os a gcomhair amach.

Ceist 2

1. An Taoiseach i bPáras

Limistéar an Euro (the area of the Euro)
Fiacha baincúireachta na tíre (country's bank debts)
Uachtaránacht na Comhairle Eorpaí (Presidency of the European Council)
Comhráiteas (joint communiqué)
Sealbhóirí bannaí (bondholders)
Urlabhraí airgeadais (finance spokesperson)

2. Údarás na Gaeltachta

Thacaigh (supported)
Ainmniúchán (nomination)
Dlíodóirí (lawyers)
Roinn na Gaeltachta (Dept. of the Gaeltacht)
Comhairleoir neamhspleách (independent councillor)
Claonroinnt (gerrymandering)
Daonlathas (democracy)

3. An fia rua i mbaol

Beartais éigeandála (emergency policies)
Aire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta (Minister for Arts, Heritage and Gaeltacht)
Póitseáil (poaching)
Slad (destruction / killing)
Sa tóir ar adharca agus fheoil an ainmhí (after animal horns and meat)
An pór is dúchasaí (most native breed)
An Ré Neoiliteach (the Neolithic period)
Carria (stag)

Ceist 3

Cuir – Cuir do lámh ar do cheann. **Cuirigí**
Téigh – Téigh amach an doras. **Téigí**
Siúil – Siúil abhaile tráthnóna tar éis am scoile. **Siúlaigí**
Tóg – Tóg do mhála agus cuir ar an tábla é. **Tógaigí**
Abair – Abair an fhírinne liom. **Abraigí**
Bailigh – Bailigh do chuid leabhar le chéile. **Bailígí**
Tabhair – Tabhair dom dhá euro le do thoil. **Tugaigí**
Scríobh – Scríobh d'ainm ar mo leabhar. **Scríobhaigí**

Ceist 4

Uachtarán	(An Bhreatain)	<i>Uachtarán na Spáinne</i>
Taoiseach	(An Spáinn)	<i>Taoiseach na hÉireann</i>
Príomh-Aire	(An Gearmáin)	<i>Príomh-Aire na Breataine</i>
Céad-Aire	(Éire)	<i>Céad-Aire na hAlban</i>
Seansailéir	(Albain)	<i>Seansailéir na Gearmáine</i>

Ceist 5

Abair leis na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Eimear Ní Chonaola

Bail ó Dhia oraibh agus bhur gcéad fáilte chuig Nuacht TG4 agus go Nuacht is Spórt an lae. Na príomhscéalta Dé Luain:

4. An Taoiseach i bPáras

Uachtarán na Fraince ag tacú leis an Taoiseach agus deir gur cás ar leith atá i bhfiacha bhancannaí na hÉireann.

5. Údarás na Gaeltachta

Comhalta de chuid Fhianna Fáil ceaptha ag Comhairle Contae Dhún na nGall ar bhord nua Údarás na Gaeltachta.

6. An Fia Rua i mbaol

Agus beartais éigeandála fógartha le dul i ngleic le seilg mhídhleathach ar an bhfia rua i gCiarraí.

Cás faoi leith atá sa tír seo agus i bhfiacha bhancannaí na hÉireann a dúirt Uachtarán na Fraince, François Hollande leis an Taoiseach i bPáras tráthnóna. Dúirt sé go n-aithníonn an Ghearmáin é seo agus go nglacfar sin san áireamh nuair a bheas airí airgeadais limistéar an Euro i mbun cainteanna ar ról an ESMⁱⁱ le cabhair a thabhairt do na bancannaí. Ba é seo an chéad chruinniú ag Enda Kenny agus ag François Hollande ó toghadh ina uachtarán é.

ⁱ *bainc* atá sa chaighdeán

ⁱⁱ European Stability Mechanism / Sásra Cobhsaíochta Eorpach